

Iad féin chinneas ar chloinn Néill

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn*, Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 26]

1 Iad féin chinneas ar chloinn Néill,
ríoghraidh Fhódla an fhuinn fhóidréidh;
re tnúth slóigh bheannórtha Breagh
do neamhmórtha glóir Ghaoidheal.

2 Inis Fódla an fhuinn ghrianaigh,
ochtár mac Néill Naoighiallaigh
roinnid í ar n-éag a n-athar,
tréad do bhí arna mbaoghlachadh.

3 Cuid Mhaine is Laoghaire Ioinn,
Fhiachaidh is Chonaill Criomhthoinn,
mín Moighe bleidheadhuinn Bhreagh,
seinfhearúinn Thoighe Tailteann.

4 Do Chonall mhór fa mór bladhd,
do Chairbre d'Éanna is d'Eóghan,
tugadh rílearga an taoibh thuaidh
ón chaoir dhíleanda dhaghshluaigh.

5 Do bhí dias do dhearsgnaigh dhíobh
do chloinn uaibhrigh an airdríogh,
nár shamhail do shaorchloinn Néill
gér thamhain aonchroinn iadséin.

6 Eóghan mhac Néill na Naoi nGlas,
Conall Gulban, gríobh amhnas,
na meic oile gidh iad ann -
siad re aroile níorbh ionann.

7 Dá mhac Néill mhóir mheic Eachach,
Eóghan 's Conall ceirtbhreathach,
meic ríogh na réaltoinnchneas réidh,
éantoirrcheas, más fhíor, iadséin.

8 An dá leanbh i ló a mbeartha -
do-rála rún buaidheartha
fan saorchloinn go méid meanma,
dá ghéig aonchroinn fhíneamhna.

9 Amlaidh fríoth gach duine dhíobh
d'éis a dtuismidh - tuar eisíodh -
ceann a leathghuailleadh 'na láimh,
an dream dhreachnuaigheal díoghair.

10 Dála chloinne Néill neartmhair,
Conaill 's Eóghain oirbheartaigh -
gan rún nglíadh, gan ghoimh gcogaidh,
ó shoin riamh ní rabhadair.

11 Do bhí a síol ó sin i le
ag leanmhain luirg na deise;
lán d'fhormad riamh ré 'roile
fa Fhiadh gcollbhog gConoire.

12 Creach san chreich is goin san ghoin.
síol gConaill, cinéal Eóghain -
mór ndíoth do fhionnmaoid orra -
do bhíoth d'iomlaoid eatorra.

13 Seal fada i gcomhthrom cogaidh
fa chlár Theamhrach tarladair :
síol dá churadh Chláir Ealga -
pudhar dháibh a ndíbhearga.

14 Gach ré seal d'éis aroile
i gceannas Chláir Úghoine
do bhí cnuas na gcraobh dtoraidh,
anuas go hAodh Athlamhain.

15 Sgaoilid síol Eóghain ag Aodh,
tarla dhóibh - dia do mhíoghaol -
cuirid féine a gceart ar gcúl,
neart a chéile do chlaochlúdh.

16 Clann Shuibhne ór shín a rabhaidh
ag Aodh oirdheirc Athlamhain,
do-chódarsan ó chloinn Néill,
óggasradh nár thoill toibhéim.

17 Do cheangladar síol Suibhne
da éis so ar séan gcomhairle,
báigh re saormhacraidh síl gCuinn
i dTír chraobhlachtmhair Chonuill.

18 A mbreath féin ó thuinn go tuinn
tug ríoghraidh chineóil Chonuill
don chrích réidh thaoibhleathain te
do fhréimh shaoirbhreathaigh Shuibhne.

19 Síol Suibhne ón lósoin i le
níor léig siad sealbh na ríge -
olc báigh do éirigh orthaibh -

ar lámh éinfhir d'Eóghanchaibh.

20 Do thaibhghidis síol Suibhne
ó shoin dar gcloinn Chonuillne
ar feadh an chláir fhéaraird fhinn
cáir as gach éanaird d'Éirinn.

21 Nó gur chuirsead síol Suibhne
fúthaibh dar bhfuil Chonuillne -
slata réidhe Chraoi Cobhthaigh -
do bhaoi Éire ag Eóghanchaibh.

22 Ón lósoin gusan lá aniogh
atá ós ghasraidh Ghaoidhiol
buidh gach aonchoinne um lath bhFloinn
ag triath chaomhchloinne Conuill.

23 Do shíol Shuibhne go nua anois,
d'aicme Chonaill chláir Bhearnois,
táinig lámh chongbhála a gceirt
fa chlár dtonnmhálla an tuaisgeirt.

24 Eoghan Óg mhac Mheic Suibhne,
sgiath choimhghe chuain Mhodhuirne,
sás fighthe chogaidh ó gCuinn,
drithle i gcogail ó gConuill.

25 Maighre séanta a sruth Fhinne,
lá gréine i ndiaidh dílinne :
gnúis mhórdha is céimleasg i gcath,
éinfleasg órdha na nUltach.

26 Ursa chatha chlann nDálaigh,
fear uaislighthe a n-annálaidh;
séad buaidhe caomhfuile Cuinn,
aoghure cuaine Conuill.

27 Ag síol gConuill na gcolg dte,
an gcéin mhairfeas Mac Suibhne,
luadh gliadh budh éadtarbhach d'fhior
fa fhiadh ngéagabhlach nGaoidhiol.

28 Ní rabhadar riamh roimhe -
síol gConuill Chláir Úghoine,
uair budh neartmhoire iná anois
ó sduaigh bhreacmhoighe Bearnois.

29 Re linn Eóghain an airm chuirr
ní fhuighe rí chlann gConuill

triath le gcuirfidhear 'na cheann
i n-iath fhuithnigheal Éirionn.

30 Claontar fiodh re fás a ghéag,
do-bearar le mac Mairgréag
géill gach Eóghonaigh re a ais
go féin mbeóghonaigh mBearnais.

31 Muna tigthe dá dtaoibh féin
re ríoghraidh sleachta saoirNéill -
sgotha slóigh mhéirshing Mhonaigh -
níor dhóigh d'Éirinn Eóghonaigh.

32 Mar sin do toghladh an Traoi,
cathair bhuaidha an bhruaigh géagnaoui,
learga múr n-aolta dob fhearr
gaolta do thnúdh 'na timcheall.

33 Gluaistear leis líon a thionóil,
an rí oirdhreic Áighmhionóin,
go sluaghaibh Gréag dá gabháil,
tréad dob uamhain d'íongabháil.

34 Ár nuaidhe timcheal na Traoi
do cuirthe i gcionn gach éanlaoi,
d'amhsaibh ceachtardha an dá chath,
gasraidh neartchalma nárach.

35 Deich mbliadhna, gi bé re a chois,
do bhí an Traoi, truagh an fhorbhais -
buain dí dob anobair d'fhior -
nár ghabhodair í ar éigion.

36 Dá mbeith siad ó sin anall
líon a dtionóil 'na tiomchall,
ní dáich go ngéabhdais Gréagaigh
an ráith ngéagglais ngairéadaigh.

37 Daoine astigh dá tabhairt dáibh
tarla dhí - dia do dhiombáidh -
i dtráth fhillte don fhoghail,
'sgan cách impe ag anomhain.

38 Muna lingthe dá lár féin,
múr cuanna na gcladh soiléir,
níor ghar dhóibh toghail na Traoi,
slóigh an domhain adéarthaoi.

39 Timcheal cheannais Chláir Lughaidh

tarla don fhéin Eóghanaigh
cúis a maca samhla soin,
na slata abhla a hEamhoin.

40 Cuid díbh féin gur fhill orthaibh
críoch Bhreagh do bhí ag Eóghanchaibh;
gan rún troda, gan triall n-áigh,
gan oba gliadh ná a gabháil.

41 Fir Éireann ó mhuir go muir,
dá gcuirdis ar chloinn Eóghain -
clann Shuibhne féin ga a bhfoghail,
duilghe don fhéin Eóghonaigh.

42 Olc an gaol do shíol Shuibhne
tabhach Fódla féarghuirme
a láimh aicme Néill náraigh
do mhaicne réidh ríoghDhálaigh.

43 Síol Suibhne, síol nárach Néill,
dá choill fhíneamhna a héinfhréimh;
cna aonmhogail óir ós fhiodh,
do chaomhnodair glóir Ghaoidhiol.

44 Ionann fuil dáibh adeair,
ionann géaga geinealaigh,
ionann flathamhlacht a bhfear,
ionann athardhacht aithreadh.

45 Dá bhféachdaois, níorbh fhearr a gceart
ar Thoraigh thall san tuaisgeart -
ógbhadh mheanmnach shíl Shuibhne -
nó ar sheanshruth mín Modhuirne.

46 Nó ar Chraobhruaidh Chloinne Rosa,
nó ar Charraig bhfinn bhFearghosa -
cnuic úra na ngealfhonn nglan -
nó ar fhearonn Dúna Dealgan.

47 Ní foigse Conn na gcéad gcath,
ní neasa Niall mhac Eachach,
ní mó is goire Gaoidheal glan
d'aoinfhear oile 'ná d'Eóghan.

48 Créad do bhacfadh d'Eóghan Óg,
ar lorg shíl Néill anallód,
buain ghiall do bhraointealchaibh Breagh,
aointeanchair ghliadh na nGaoidheal?

49 Tighe falmha um Chruachain gCuinn
do ghuais airdríogh clann gConuill;
ar Mhac Suibhne is cóir a chion -
'sna bruidhne um Bóin dá mbrisíodh.

50 Inghean Chuinnmheic an Chalbhaigh,
a dtéid uaithe d'ollamhnaibh -
tuar teisde síordháil na séad -
díoghbháil nách meisde Mairgréag.

51 An treas glún ó Chonn mhac Cuinn,
'só Mhaghonus, rí clann gConuill -
fa iolmhaoinibh gidh í is fhearr
ní hionmhaoidhimh dhí a ndéineann.

52 Rugadar na fréamha ó bhfuil,
fíonfhuil Chonaill, clann Eóghain,
geall Chríche Néill gus aníogh,
a méin tríthe dá dtísseadh.